**Parlaimint na hEorpa**
2014-2019

*An Coiste um Ghnóthaí Bunreachtúla*

**2018/0136(COD)**

22.11.2018

# TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla

chuig an gCoiste um Buiséid agus an Coiste um Rialú Buiséadach

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le buiséad an Aontais a chosaint i gcás easnaimh ghinearálaithe i ndáil leis an smacht reachta sna Ballstáit
(COM(2018)0324 – C8-0178/2018 – 2018/0136(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Helmut Scholz

PA_Legam

## RÉASÚNÚ GEARR

Cuireann an Rapóirtéir fáilte roimh aidhm an rialacháin atá beartaithe, chun buiséad an Aontais a chosaint ar easnaimh ghinearálaithe i ndáil leis an smacht reachta i mBallstát, a dhéanfadh difear do bhainistíocht fhónta airgeadais nó do chosaint leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh, nó a bhfuil an baol ann go ndéanfadh siad difear dóibh sin. Aontaíonn sé le dearcadh an Choimisiún go bhfuil gaol soiléir idir an urraim don smacht reachta agus cur chun feidhme éifeachtach bhuiséad an Aontais i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais. Ina theannta sin, aithníonn sé go bhfuil neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na mbreithiúna bunriachtanach chun urraim don smacht reachta a áirithiú. Ag an am céanna, measann sé go dtugann an sásra a mholtar an iomarca cumhacht neamhtheoranta don Choimisiún. Go háirithe, ní shainmhínítear an critéir chun an nós imeachta a sheoladh agus don mheasúnú cáilíochtúil, ná an critéir maidir le rogha agus fairsinge na mbeart, agus bheadh saoirse ag an gCoimisiún a chinneadh, ar deireadh thiar thall, bearta a chur i bhfeidhm, cén beart a chuirfear i bhfeidhm agus an bhféadfaí deireadh a chur leis an mbeart sin ina dhiaidh sin. Is mó an seans go dtarlódh sé sin ós rud é go measfaí an togra a bheith formheasta ach amháin má dhiúltaíonn an Chomhairle dó, agus í ag feidhmí trí thromlach cáilithe laistigh de mhí amháin (‘vótáil trí thromlach cáilithe aisiompaithe’). Anuas air sin, is cosúil go bhfuil an sásra a mholtar gan bunús dlí ar bith (ní leor Airteagal 322 CFAE, ar a bhfuil an togra bunaithe). Is cosúil freisin go bhfuil sé díréireach, go háirithe i gcomparáid le hAirteagal 7 CAE, faoina bhféadfadh cásanna easnaimh comhchosúla maidir leis an smacht reachta a chumhdach agus, ag braith ar na himthosca, faoina bhfuil gá le tromach de cheithre chúigiú den Chomhairle agus le haontoilíocht den Chomhairle Eorpach. Dá bhrí sin, molann an Rapóirtéir sásra eile. Ina theannta sin, tá an Rapóirtéir cáinteach faoi toisc nach ndearna aon chomhairliúchán le geallsealbhóirí ná measúnú tionchair mar ullmhúchán don rialachán atá beartaithe. Go háirithe, tá tuartha sa togra maidir le bainistiú díreach agus indíreach, de bhun Airteagal 62(a) agus (c) den Rialachán Airgeadais, nach féidir bearta a chur i bhfeidhm ach i gcás gur eintiteas rialtais é an faighteoir. Mura ndéanfar an choinníoll sin a chomhlíonadh, ní fhéadfadh an ciste Aontais atá i dtrácht a bheith faoi réir aon bhearta dá dtagraítear sa rialachán atá beartaithe. Gan measúnú tionchair, ina sonrófar an méid de bhuiséad an Aontais a fhágfaí taobh amuigh de chosaint an tsásra a mholtar, is deacair na tairbhí féideartha a shuí. Ceistíonn an Rapóirtéir, freisin, cén fáth nach suitear sa togra aon oibleagáid ar an gCoimisiún deis a lorg deireadh a chur leis an bearta ar a thionscnamh féin agus tuairisciú ar chur i bhfeidhm an rialacháin atá beartaithe. I bhfianaise an mhéid sin thuas, molann an Rapóirtéir an togra a leasú mar seo a leanas.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Bunreachtúla ar an gCoiste um Buiséid agus ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar na coistí atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (1) Tá an smacht reachta ar cheann de na bunluachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe. Mar a mheabhraítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, is comhluachanna ag na Ballstáit na luachanna sin. | (1) ***Tá an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. I gcomhréir le hAirteagal 2 agus le hAirteagal 7 de Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit agus ar institiúidí an Aontais na luachanna sin, atá comhchoiteann do na Ballstáit ar fad, a urramú, a chosaint agus a chur chun cinn, i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamh-idirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir. I measc na luachanna sin, ní foráiltear aon ordlathas le hAirteagal 2 CAE.*** |

*Réasúnú*

*Leis an leasú seo, féachtar leis an aithris a ailíniú le foclaíocht iarbhír Airteagal 2 CAE.*

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(1a) Comhoibreoidh na Ballstáit go cuí agus go dílis chun oibleagáidí bhallraíocht an Aontais a ghlacadh chucu féin mar a mheabhraítear sa Chonradh ar an Aontas Eorpach.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Leis an smacht reachta, ceanglaítear ar na cumhachtaí poiblí gníomhú laistigh de na srianta atá leagtha amach faoin dlí, i gcomhréir le luachanna an daonlathais agus na gceart bunúsach, agus faoi smacht ag cúirteanna neamhspleácha neamhchlaonta. Éilítear leis, go háirithe, prionsabal na dlíthiúlachta[7], prionsabal na deimhneachta dlíthiúla[8], prionsabal an toirmisc ar threallachas na gcumhachtaí feidhmiúcháin[9], prionsabal scaradh na gcumhachtaí[10] agus prionsabal na cosanta éifeachtaí breithiúnaí ag cúirteanna neamhspleácha[11] a urramú[12]. | (2) Leis an smacht reachta, ceanglaítear ar na cumhachtaí poiblí gníomhú laistigh de na srianta atá leagtha amach faoin dlí, i gcomhréir le luachanna an daonlathais agus na gceart bunúsach, agus faoi smacht ag cúirteanna neamhspleácha neamhchlaonta. Éilítear leis, go háirithe, prionsabal na dlíthiúlachta[7], prionsabal na deimhneachta dlíthiúla[8], prionsabal an toirmisc ar threallachas na gcumhachtaí feidhmiúcháin[9], prionsabal scaradh na gcumhachtaí[10] agus prionsabal na cosanta éifeachtaí breithiúnaí ag cúirteanna neamhspleácha[11] a urramú[12]. |
| [7] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 29 Aibreán 2004, CAS Succhi di Frutta, C-496/99 PECLI:EU:C:2004:236, mír 63. | [7] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 29 Aibreán 2004, CAS Succhi di Frutta, C-496/99 PECLI:EU:C:2004:236, mír 63. |
| [8] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 12 Samhain 1981, Amministrazione delle finanze dello Stato v Srl Meridionale Industria Salumi agus daoine eile Ditta Italo Orlandi & Figlio agus Ditta Vincenzo Divella v Amministrazione delle finanze dello Stato. Cásanna uamtha 212 go 217/80, ECLI:EU:C:1981:270, mír 10. | [8] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 12 Samhain 1981, Amministrazione delle finanze dello Stato v Srl Meridionale Industria Salumi agus daoine eile Ditta Italo Orlandi & Figlio agus Ditta Vincenzo Divella v Amministrazione delle finanze dello Stato. Cásanna uamtha 212 go 217/80, ECLI:EU:C:1981:270, mír 10. |
| [9] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 21 Meán Fómhair 1989, Hoechst, Cásanna uamtha 46/87 agus 227/88, ECLI:EU:C:1989:337, mír 19. | [9] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 21 Meán Fómhair 1989, Hoechst, Cásanna uamtha 46/87 agus 227/88, ECLI:EU:C:1989:337, mír 19. |
| [10] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 10 Samhain 2016, Kovalkovas, C-477/16, ECLI:EU:C:2016:861, mír 36; Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 10 Samhain 2016, PPU Poltorak, C-452/16, ECLI:EU:C:2016:858, mír 35; agus Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 22 Nollaig 2010, DEB,C-279/09, ECLI:EU:C:2010:811, mír 58. | [10] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 10 Samhain 2016, Kovalkovas, C-477/16, ECLI:EU:C:2016:861, mír 36; Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 10 Samhain 2016, PPU Poltorak, C-452/16, ECLI:EU:C:2016:858, mír 35; agus Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 22 Nollaig 2010, DEB,C-279/09, ECLI:EU:C:2010:811, mír 58. |
| [11] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 27 Feabhra 2018, Associação Sindical dos Juízes Portugueses v Tribunal de Contas C-64/16, ECLI:EU:C:2018:117, míreanna | [11] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 27 Feabhra 2018, Associação Sindical dos Juízes Portugueses v Tribunal de Contas C-64/16, ECLI:EU:C:2018:117, míreanna |

| | |
|---|---|
| 31, 40-41. | 31, 40-41***; breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 25 Iúil 2018, C-216/18 PPU, ECLI:EU:C:2018:586, míreanna 63-67****.* |
| [12] Teachtaireacht ón gCoimisiún "A new EU Framework to strengthen the Rule of Law [Creat AE nua chun an Smacht Reachta a neartú]", COM(2014) 158 final, Iarscríbhinn I. | [12] Teachtaireacht ón gCoimisiún "A new EU Framework to strengthen the Rule of Law [Creat AE nua chun an Smacht Reachta a neartú]", COM(2014) 158 final, Iarscríbhinn I. |

*Réasúnú*

*Féachann an leasú leis an aithris a ailíniú leis an gcásdlí is déanaí ón gCúirt Bhreithiúnais.*

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Glactar leis go háirithe, má tá an córas breithiúnach neamhspleách, go bhfuil an comhlacht lena mbaineann in ann a chúraimí breithiúnacha a fheidhmiú ar bhealach iomlán neamhspleách, gan a bheith faoi réir ag aon srianta ordlathais ná a bheith ina thánaiste ag aon chomhlacht eile, agus gan orduithe ná treoracha a ghlacadh ó aon fhoinse ar chor ar bith, agus go bhfuil cosaint aige dá bharr ar idirghabhálacha seachtracha nó brú seachtrach a d'fhéadfadh bac a chur ar bhreithiúnas neamhspleách a chomhaltaí agus tionchar a imirt ar a gcinntí. Le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht a chinntiú tá gá le rialacha, go háirithe maidir le comhdhéanamh an chomhlachta agus maidir le ceapachán, fad seirbhíse agus forais lena chomhaltaí a dhiúltú agus a chur as oifig, chun deireadh a chur le haon dabht réasúnach in intinn daoine maidir leis an gcomhlacht sin a bheidh beag beann ar thosca seachtracha agus maidir lena neodracht i ndáil leis na leasanna a thugtar os a chomhair. | (7) Glactar leis go háirithe, má tá an córas breithiúnach neamhspleách, go bhfuil an comhlacht lena mbaineann in ann a chúraimí breithiúnacha a fheidhmiú ar bhealach iomlán neamhspleách, gan a bheith faoi réir ag aon srianta ordlathais ná a bheith ina thánaiste ag aon chomhlacht eile, agus gan orduithe ná treoracha a ghlacadh ó aon fhoinse ar chor ar bith, agus go bhfuil cosaint aige dá bharr ar idirghabhálacha seachtracha nó brú seachtrach a d'fhéadfadh bac a chur ar bhreithiúnas neamhspleách a chomhaltaí agus tionchar a imirt ar a gcinntí. ***Glactar leis, má tá an córas breithiúnach neamhspleách, go gcoinnítear an fad céanna idir na páirtithe agus na nósanna imeachta agus a leasanna faoi seach maidir le hábhar na nósanna imeachta sin. Don ghné sin, tá oibialtúlacht agus uireasa aon leas i dtoradh na nósanna imeachta de dhíth seachas cur i bhfeidhm dochta an smachta reachta.*** Le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht a chinntiú tá gá le rialacha, go háirithe maidir le comhdhéanamh an chomhlachta |

agus maidir le ceapachán, fad seirbhíse agus ***forais staonta,*** lena chomhaltaí a dhiúltú agus a chur as oifig, chun deireadh a chur le haon dabht réasúnach in intinn daoine maidir leis an gcomhlacht sin a bheidh beag beann ar thosca seachtracha agus maidir lena neodracht i ndáil leis na leasanna a thugtar os a chomhair.

*(Féach leasú ar Aithris 7a nua den togra)*

*Réasúnú*

*Féachann an leasú leis an aithris a ailíniú leis an gcásdlí is déanaí ón gCúirt Bhreithiúnais (féach go háirithe Cás C-216/18, míreanna 63-67).*

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7a) Ciallaíonn an ceanglas de bhreithiúna neamhspleácha freisin, nach mór don réimeas disciplíneach a rialaíonn iad a bhfuil sé de chúram orthu breithiúnas a thabhairt i ndíospóid na ráthaíochtaí is gá a léiriú chun aon riosca go n-úsáidfí é mar chóras rialaithe polaitiúil maidir le hábhar cinntí breithiúnacha a chosc. Tacar ráthaíochtaí atá bunriachtanach chun neamhspleáchas na mbreithiúna a choimirciú atá sna rialacha lena sainmhínítear, go háirithe, iompar a bhfuil cionta disciplíneacha mar thoradh air agus na pionóis iarbhír is infheidhme, araon, lena bhforáiltear rannpháirtíocht comhlachta neamhspleách i gcomhréir le nós imeachta a dhéanann na cearta a chumhdaítear in Airteagal 47 agus in Airteagal 48 den Chairt a choimirciú, go háirithe cearta na cosanta, agus lena leagtar síos an féidearthacht imeachtaí dlí a thionscnamh chun cinntí na gcomhlachtaí disciplíneacha a cheistiú.*** |

*(Féach leasú ar Aithris 7 den togra)*

*Réasúnú*

*Féachann an leasú leis an aithris a ailíniú leis an gcásdlí is déanaí ón gCúirt Bhreithiúnais (féach go háirithe Cás C-216/18, míreanna 63-67).*

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11 a) Ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann faireachán a dhéanamh go leanúnach ar staid an smachta reachta sna Ballstáit agus féadfar sásra AE um an daonlathas, um an smacht reachta agus um chearta bunúsacha a bhunú mar a d'iarr Parlaimint na hEorpa ina rún an 25 Deireadh Fómhair 2016[1a].*** |
| | ***[1a] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Deireadh Fómhair 2016 maille le moltaí don Choimisiún maidir le sásra AE um an daonlathas, um an smacht reachta agus um chearta bunúsacha a bhunú – Téacsanna a glacadh,*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Tá gá le measúnú cáilíochtúil ón gCoimisiún chun easnamh ginearálaithe a shainaithint. ***D'fhéadfadh*** an measúnú sin a bheith bunaithe ar an bhfaisnéis ó gach foinse atá le fáil agus ó gach institiúid aitheanta, lena n-áirítear breithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, tuarascálacha Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus conclúidí agus moltaí ó eagraíochtaí agus líonraí idirnáisiúnta ábhartha, amhail comhlachtaí Chomhairle na hEorpa agus na | (12) Tá gá le measúnú ***neamhchlaonta, trédhearcach agus*** cáilíochtúil ón gCoimisiún chun easnamh ginearálaithe a shainaithint. ***Ba cheart don*** mheasúnú sin a bheith bunaithe ar an bhfaisnéis ó gach foinse atá le fáil agus ó gach institiúid aitheanta, lena n-áirítear ***coinníollacha agus uainiú den ghlacadh, den chur i bhfeidhm agus den fhorfheidhmiú de chaibidlí ábhartha an acquis ag Ballstát,*** breithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an |

| | |
|---|---|
| líonraí Eorpacha de chúirteanna uachtaracha agus de chomhairlí na mbreithiúna. | Aontais Eorpaigh, tuarascálacha Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, ***rúin ó Pharlaimint na hEorpa*** agus conclúidí agus moltaí ó eagraíochtaí agus líonraí idirnáisiúnta ábhartha, amhail comhlachtaí Chomhairle na hEorpa agus na líonraí Eorpacha de chúirteanna uachtaracha agus de chomhairlí na mbreithiúna. |

*(Féach leasuithe ar Aithris 2 den togra)*

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14 a) Tá sé bunriachtanach go ndéanfar coimirciú ar leasanna dlisteanacha fhaighteoirí agus thairbhithe deiridh an chláir nó an chiste ar a ndíreofaí bearta i gcás easnaimh ghinearálaithe maidir leis an smacht reachta sna Ballstáit agus níor cheart go ndéanfadh sárú ar rialacha nach na faighteoirí ná tairbhithe deiridh atá freagrach astu aon difear dóibh. Ba cheart don Choimisiún an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar fhaighteoirí agus tairbhithe deiridh a chur san áireamh le linn dó bearta den sórt sin a mholadh agus ba cheart dó faireachán a dhéanamh go gníomhach ar an urraim a thugtar don oibleagáid dhlíthiúil atá ar na Ballstáit leanúint d'íocaíochtaí a dhéanamh i ndiaidh don Choimisiún bearta a ghlacadh i gcomhréir leis an rialachán seo. I gcás sárú ar bith ag Ballstát, ba cheart don Choimisiún na faighteoirí nó tairbhithe deiridh a chur ar an eolas faoina gcearta.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14 b) Sula molfaidh an Coimisiún bearta nithiúla, ba cheart go mbeadh sé de cheanglas air measúnú a dhéanamh ar na tionchair bhuiséadacha a d'fhéadfaí a bheith ag bearta den sórt sin ar bhuiséad náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann le haird chuí ar phrionsabail na comhréireachta agus an neamh-idirdhealaithe.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Chun cur chun feidhme aonfhoirmeach an Rialacháin seo a áirithiú agus i bhfianaise a thábhachtaí agus atá iarmhairtí airgeadais na mbeart arna bhforchur de bhun an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don ***Chomhairle, ar cheart di gníomhú ar bhonn togra*** ón gCoimisiún. ***Chun glacadh cinntí atá de dhíth chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint a éascú, ba cheart vótáil trí thromlach cáilithe aisiompaithe a úsáid***. | (15) Chun cur chun feidhme aonfhoirmeach an Rialacháin seo a áirithiú agus i bhfianaise a thábhachtaí atá iarmhairtí airgeadais na mbeart arna bhforchur de bhun an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don ***Choimisiún***. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15a) I bhfianaise na héifeachta atá acu ar bhuiséad an Aontais, níor cheart do bhearta a fhorchuirtear de bhun an Rialacháin seo teacht i bhfeidhm ach amháin i ndiaidh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle formheas a thabhairt méid is ionann agus luach na mbeart arna nglacadh a aistriú chuig*** |

| | |
|---|---|
| | ***cúltaca buiséadach. Chun cinneadh gasta a áirithiú maidir leis na bearta is gá chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, ba cheart a mheas go bhfuil na haistrithe sin formheasta mura ndéanann Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle, laistigh de thréimhse shocraithe agus an Chomhairle ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, iad a leasú nó diúltú dóibh.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Sula molfaidh an Coimisiún aon bheart a ghlacadh de bhun an Rialacháin seo, ba cheart dó an Ballstát lena mbaineann a chur ar an eolas faoi gcúis a measann sé go bhféadfadh easnamh ginearálaithe i ndáil leis an smacht reachta a bheith ann sa Bhallstát sin. Ba cheart cead a bheith ag an mBallstát a mbarúlacha a chur isteach. Ba cheart don Choimisiún ***agus don Chomhairle*** na barúlacha sin a chur san áireamh. | (16) Sula molfaidh an Coimisiún aon bheart a ghlacadh de bhun an Rialacháin seo, ba cheart dó an Ballstát lena mbaineann a chur ar an eolas faoi gcúis a measann sé go bhféadfadh easnamh ginearálaithe i ndáil leis an smacht reachta a bheith ann sa Bhallstát sin. Ba cheart don Choimisiún ***Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas gan mhoill faoi aon fhógra den sórt sin agus faoina bhfuil ann.*** Ba cheart cead a bheith ag an mBallstát ***lena mbaineann*** a bharúlacha a chur isteach. Ba cheart don Choimisiún na barúlacha sin a chur san áireamh. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Ba cheart don ***Chomhairle*** bearta a chur i leataobh le héifeacht fionraíochta ***ar*** thogra ***ón gCoimisiún***, más rud é go bhfuil an cás as ar eascair forchuir na mbeart sin réitithe go leordhóthanach. | (17) Ba cheart don ***Choimisiún*** bearta a chur i leataobh le héifeacht fionraíochta agus ***moladh a sheoladh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle faoi chúltaca buiséadach na mbeart i dtrácht a chur i leataobh, ina iomláine nó i bpáirt***, más rud é go bhfuil an cás as ar eascair forchuir na mbeart sin réitithe go |

| | |
|---|---|
| | leordhóthanach. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(18) Ba cheart don Choimisiún Parlaimint na hEorpa a choinneáil ar an eolas maidir le haon bheart arna mholadh agus arna ghlacadh de bhun an Rialacháin seo,*** | ***scriosta*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***tagraíonn*** 'an smacht reachta' don luach de chuid an Aontais atá cumhdaithe in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, luach ***a*** chuimsíonn prionsabal na dlíthiúlachta, a dhéanann talamh slán de go bhfuil próiseas trédhearcach, cuntasach, daonlathach agus iolraíoch ann chun dlíthe a achtú; prionsabal na deimhneachta dlíthiúla; prionsabal an toirmisc ar threallachas na gcumhachtaí feidhmiúcháin; prionsabal na cosanta éifeachtaí breithiúnaí ag cúirteanna neamhspleácha, cosaint ar chearta bunúsacha san áireamh; scaradh na gcumhachtaí; agus prionsabal an chomhionannais faoin dlí; | (a) ***tuigfear*** 'an smacht reachta' ***ag féachaint do luachanna*** an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ***agus ag féachaint do na critéir le haghaidh ballraíocht den Aontas mar a mheabhraítear in Airteagal 49 den Chonradh;*** áirítear ***leis*** prionsabail an chomhionannais, a dhéanann talamh slán de go bhfuil próiseas trédhearcach, cuntasach, daonlathach agus iolraíoch ann chun dlíthe a achtú; prionsabal na deimhneachta dlíthiúla; prionsabal an toirmisc ar threallachas na gcumhachtaí feidhmiúcháin; prionsabal na cosanta éifeachtaí breithiúnaí ag cúirteanna neamhspleácha ***agus neamhchlaonta***, cosaint ar chearta bunúsacha san áireamh; scaradh na gcumhachtaí; agus prionsabal an chomhionannais faoin dlí; |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 2 a*** |
| | ***Faireachán*** |
| | ***Déanfaidh an Coimisiún faireachán agus measúnú go leanúnach ar chur chun feidhme ceart dhlí an Aontais agus ar urraim an smachta reachta.*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Bearta*** | ***Coinníollacha le haghaidh bhuiséad an Aontais a chosaint*** |

*(Féach leasuithe ar Airteagail 3, 4 agus 5 den togra)*

*Réasúnú*

*Ba cheart go mbeadh teideal an airteagail seo i gcomhréir lena hinneachar iarbhír.*

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) an comhar éifeachtach tráthúil leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise agus le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh sna himscrúduithe nó ionchúisimh a dhéanann siad de bhun a ngníomhartha dlí ábhartha agus de bhun phrionsabal an chomhair dhílis. | (f) an comhar éifeachtach tráthúil leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise agus***, faoi réir rannpháirtíocht an Bhallstáit lena mbaineann,*** le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh sna himscrúduithe nó ionchúisimh a dhéanann siad de bhun a ngníomhartha dlí ábhartha agus de bhun phrionsabal an chomhair dhílis. |

*Réasúnú*

*Níl gach Ballstát rannpháirteach sa chomhar le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh.*

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) cumas Ballstáit a chur i mbaol maidir leis na hoibleagáidí a ghabhann le ballraíocht den Aontas a urramú, lena n-áirítear an acmhainneacht na rialacha, na caighdeáin agus na beartais ar corpas dhlí an Aontais iad a chur chun feidhme go héifeachtach.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Ábhar na mbeart*** | ***Bearta le haghaidh bhuiséad an Aontais a chosaint*** |

*(Féach leasuithe ar Airteagail 3, 4 agus 5 den togra)*

*Réasúnú*

*Ba cheart go mbeadh teideal an airteagail seo i gcomhréir lena hinneachar iarbhír.*

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfar ***ceann amháin*** nó níos mó de na bearta ***iomchuí*** seo a leanas a ghlacadh | 1. ***I gcás ina gcomhlíontar choinníollacha Airteagal 3,*** féadfar ***ceann amháin*** nó níos mó de na bearta seo a leanas a ghlacadh |

*(Féach leasuithe ar Airteagail 3 agus 5 den togra)*

*Réasúnú*

*Moltar foclaíocht níos cruinne.*

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe a – pointe 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2 a) i gcás inarb iomchuí, bainistiú indíreach a fhionraí agus bainistiú díreach a cur chun feidhme ina ionad;*** |

*Réasúnú*

*Leis an leasú seo, moltar beart breise chun buiséad an Aontais a chosaint.*

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Ach amháin má fhoráiltear dá mhalairt sa chinneadh lena nglactar na bearta,*** ní dhéanfaidh forchur beart ***iomchuí*** difear don oibleagáid atá ar eintitis rialtais dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 nó atá ar Bhallstáit dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 an clár nó an ciste a ndéanann an beart difear dó a chur chun feidhme, agus go háirithe an oibleagáid íocaíochtaí a dhéanamh leis na faighteoirí nó tairbhithe deiridh. | 2. Ní dhéanfaidh forchur ***na mbeart dá dtagraítear i mír 1*** difear don oibleagáid atá ar eintitis rialtais dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 nó atá ar Bhallstáit dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 an clár nó an ciste a ndéanann an beart difear dó a chur chun feidhme, agus go háirithe an oibleagáid íocaíochtaí a dhéanamh leis na faighteoirí nó tairbhithe deiridh. ***Déanfaidh an Coimisiún faireachán gníomhach ar cibé an bhfuil teidlíochtaí dlíthiúla na bhfaighteoirí nó na dtairbhithe deiridh á n-urramú. Má thagann an Coimisiún ar fhianaise nach bhfuil oibleagáid an Bhallstáit na híocaíochtaí a ráthú agus leasanna dlisteanacha na bhfaighteoirí nó na dtairbhithe deiridh á gcomhlíonadh, déanfaidh sé gach beart iomchuí chun cuidiú leis na faighteoirí nó na tairbhithe sin a n-éilimh a fhorfheidhmiú. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 68, mír 1, pointe b de*** |

***Rialachán (AE, Euratom) Uimh. XXXX ( Rialachán na bhForálacha Coiteanna).***

*(Féach leasuithe ar Airteagail 3 agus 5 den togra)*

*Réasúnú*

*Ina rún an 14 Márta 2018 ar an chéad CAI eile, mheas an Pharlaimint "nach bhféadfadh sáruithe ar rialacha difear a dhéanamh, ar bhealach ar bith, do thairbhithe deiridh bhuiséad an Aontais, nach iad na tairbhithe deiridh atá freagrach astu" (féach mír 119). Níor cheart, dá bhrí sin, go mbeadh feidhm ag Airteagal 68 (1)(b) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna (COM(2018 375) atá beartaithe don chás i dtrácht – ar rialachán é a chuireann d'oibleagáid ar an údarás náisiúnta íocaíocht chuig an tairbhí a áirithiú faoi réir cistiú a bheith ar fáil.*

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Beidh na bearta a dhéanfar comhréireach le cineál, tromchúis agus raon feidhme an easnaimh ghinearálaithe i ndáil leis an smacht reachta. A mhéad is féidir, díreofar na bearta ar na gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a ndearna an t-easnamh sin difear dóibh nó a d'fhéadfadh sé difear a dhéanamh dóibh. | 3. Beidh na bearta a dhéanfar comhréireach le cineál, tromchúis***, fad*** agus raon feidhme an easnaimh ghinearálaithe i ndáil leis an smacht reachta. A mhéad is féidir, díreofar na bearta ar na gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a ndearna an t-easnamh sin difear dóibh nó a d'fhéadfadh sé difear a dhéanamh dóibh. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ***ina gcinneann an*** Coimisiún go bhfuil forais réasúnacha aige lena chreidiúint go bhfuil coinníollacha Airteagal 3 comhlíonta, seolfaidh sé fógra i scríbhinn chuig an mBallstát sin, ina leagfar amach na forais ar ar bhunaigh sé a chinneadh. | 1. I gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag an gCoimisiún lena chreidiúint go bhfuil coinníollacha Airteagal 3 comhlíonta, seolfaidh sé fógra i scríbhinn chuig an mBallstát sin, ina leagfar amach na forais ar ar bhunaigh sé a chinneadh. ***Déanfaidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas gan mhoill faoi aon fhógra den sórt sin agus faoina bhfuil ann.*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Féadfaidh*** an Coimisiún an fhaisnéis ábhartha uile a chur san áireamh, lena n-áirítear cinntí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, tuarascálacha Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus conclúidí agus moltaí na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha. | 2. ***Roimh dhul i muinín fógra i scríbhinn de bhun mhír 1, cuirfidh*** an Coimisiún an fhaisnéis ábhartha uile a chur san áireamh, lena n-áirítear ***coinníollacha agus uainiú den ghlacadh, den chur i bhfeidhm agus den fhorfheidhmiú de chaibidlí ábhartha an acquis ag Ballstát, más infhaighte,*** cinntí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, tuarascálacha Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ***agus rúin ó Pharlaimint na hEorpa. Cuirfear sé*** conclúidí agus moltaí na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha ***san áireamh freisin, go háirithe:*** |
| | ***(i) Seicliosta Smachta Reachta Choimisiún na Veinéise,*** |
| | ***(ii) Moladh Chomhairle na hEorpa CM/Rec (2010)12 (Breithiúna: neamhspleáchas, éifeachtúlacht agus freagrachtaí',*** |
| | ***(iii) Tuarascáil Choimisiún na Veinéise ar Neamhspleáchas an Chórais Bhreithiúnaigh, Cuid I: Neamhspleáchas na mBreithiúna (CDL-AD(2010)004),*** |
| | ***(iv) Tuarascáil Choimisiún na Veinéise, Cuid II: an tSeirbhís Ionchúisimh (CDL-AD(2010)040), agus*** |
| | ***(v) tuarascálacha ábhartha meastóireachta agus comhlíonta den Ghrúpa Stát i gcoinne na hÉillitheachta (GSE).*** |

*Réasúnú*

*D'fhéadfadh sonraíocht níos soiléire maidir le foinsí treoracha féideartha feabhas a chur ar thrédhearcacht, inrianaitheacht agus cumas iniúchta an tsásra a mholtar, mar aon le deimhneacht dhlíthiúil agus neamhthreallachas na gcumhachtaí atá le tabhairt don Choimisiún.*

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Soláthróidh an Ballstát lena mbaineann an fhaisnéis uile atá de dhíth agus féadfaidh sé barúlacha a dhéanamh laistigh de theorainn ama arna sonrú ag an gCoimisiún, teorainn nach mbeidh níos lú ná 1 mhí ó dháta an fhógra a thabhairt faoin gcinneadh. Sna barúlacha uaidh, féadfaidh an Ballstát a mholadh go nglacfaí beart feabhais. | 4. Soláthróidh an Ballstát lena mbaineann an fhaisnéis uile atá de dhíth agus féadfaidh sé barúlacha a dhéanamh laistigh de theorainn ama arna sonrú ag an gCoimisiún, teorainn nach mbeidh níos lú ná aon mhí amháin ***ná nach mbeidh níos mó ná trí mhí*** ó dháta an fhógra faoin gcinneadh. Sna barúlacha uaidh, féadfaidh an Ballstát a mholadh go nglacfaí bearta feabhais. |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Agus cinneadh á dhéanamh cibé acu ***a thíolacfaidh nó nach dtíolacfaidh sé togra le haghaidh*** cinneadh maidir leis na bearta iomchuí, cuirfidh an Coimisiún san áireamh an fhaisnéis a fhaigheann sé agus aon bharúlacha a dhéanann an Ballstát lena mbaineann, chomh maith le leordhóthanacht aon bheart feabhais a mholtar. | 5. Agus cinneadh á dhéanamh cibé acu ***a ghlacfaidh nó nach nglacfaidh sé*** togra le haghaidh cinneadh maidir leis na bearta iomchuí, cuirfidh an Coimisiún san áireamh an fhaisnéis a fhaigheann sé agus aon bharúlacha a dhéanann an Ballstát lena mbaineann, chomh maith le leordhóthanacht aon bheart feabhais a mholtar. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. I gcás ina measann an Coimisiún go bhfuil an t-easnamh ginearálaithe i ndáil leis an smacht reachta cruthaithe, ***cuirfidh sé togra le haghaidh gníomh cur chun feidhme*** maidir leis na bearta iomchuí f***aoi bhráid na Comhairle***. | 6. I gcás ina measann an Coimisiún go bhfuil an t-easnamh ginearálaithe i ndáil leis an smacht reachta cruthaithe, déanfaidh sé ***cinneadh*** maidir leis na bearta ***dá dtagraítear in Airteagal 4 a ghlacadh trí bhíthin gníomh cur chun*** |

| | |
|---|---|
| | ***feidhme*.** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6 a. Déanfaidh an Coimisiún, an tráth céanna a nglacfaidh sé a chinneadh, togra a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun méid is ionann agus luach na mbeart arna nglacadh a aistriú chuig cúltaca buiséadach. De mhaolú ar Airteagal 31(4) agus (6) den Rialachán Airgeadais, déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle plé ar an togra le haghaidh aistrithe laistigh de cheithre seachtaine i ndiaidh don dá institiúid é a fháil. Measfar go bhfuil an togra le haghaidh aistrithe formheasta mura rud é go ndéanann an Pharlaimint, ag gníomhú di trí thromlach na vótaí a caitheadh, nó an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, é a leasú nó diúltú dó. Tiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm más rud é nach ndiúltaíonn Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle don togra le haghaidh aistrithe laistigh den tréimhse sin. Má dhéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an togra le haghaidh aistrithe a leasú, beidh feidhm ag Airteagal 31(8) den Rialachán Airgeadais.*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 6 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6b. Sa togra arna thíolacadh de bhun mhír 6, áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar coimirciú iomlán ar leasanna*** |

| | |
|---|---|
| | ***dlisteanacha fhaighteoirí agus thairbhithe deiridh an chláir nó an chiste a ndéanann an beart difear dóibh. Ina theannta sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na tionchair bhuiséadacha a d'fhéadfaí a bheith ag laghdú ar chistiú an Aontais le haghaidh bhuiséad náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann le haird chuí ar phrionsabail na comhréireachta agus an neamh-idirdhealaithe.*** |

*(Féach leasuithe ar Airteagail 3 agus 4 den togra)*

*Réasúnú*

*Ina rún an 14 Márta 2018 ar an chéad CAI eile, mheas an Pharlaimint "nach bhféadfadh sáruithe ar rialacha difear a dhéanamh, ar bhealach ar bith, do thairbhithe deiridh bhuiséad an Aontais, nach iad na tairbhithe deiridh atá freagrach astu", "nach é buiséad an Aontais an ionstraim cheart le dul i ngleic leis an mainneachtain Airteagal 2 CAE a urramú", agus "go cheart go n-iompródh an Ballstát aon iarmhairt airgeadais a d'fhéadfaí a bheith ann go neamhspleách ó chur chun feidhme an bhuiséid" (féach mír 119).*

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *7.* ***Measfar an cinneadh a bheith glactha ag an gComhairle, ach amháin má chinneann sí, trí thromlach cáilithe, diúltú don togra ón gCoimisiún laistigh d'aon mhí amháin tar éis a ghlactha ag an gCoimisiún.*** | ***scriosta*** |

*(Féach leasú ar Aithris 15 den togra)*

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *8.* ***Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, togra an Choimisiún a leasú agus an téacs*** | ***scriosta*** |

***leasaithe a ghlacadh mar chinneadh ón gComhairle.***

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann, tráth ar bith, fianaise a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena thaispeáint go ndearnadh an t-easnamh ginearálaithe i ndáil leis an smacht reachta a leigheas nó nach ann dó a thuilleadh. | 1. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann, tráth ar bith, fianaise a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena thaispeáint go ndearnadh an t-easnamh ginearálaithe i ndáil leis an smacht reachta a leigheas ***go himleor*** nó nach ann dó a thuilleadh. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh ***an*** Coimisiún measúnú ar an gcás ***sa*** Bhallstát ***lena mbaineann***. A luaithe nach mbeidh na heasnaimh ghinearálaithe i ndáil leis an smacht reachta a bhí ina bhforas le bearta ***iomchuí*** a ghlacadh ann a thuilleadh, go hiomlán nó i bpáirt, cuirfidh an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh cinneadh lena ndéantar na bearta sin a chur i leataobh go hiomlán nó i bpáirt. Beidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar amach i míreanna 2, 4, 5, 6 agus *7* d'Airteagal 5. | Déanfaidh ***an*** Coimisiún measúnú ar an gcás ***sa*** Bhallstát ***lena mbaineann***, ***arna iarraidh sin don Bhallstát sin nó ar a thionscnamh féin.*** A luaithe nach mbeidh na heasnaimh ghinearálaithe i ndáil leis an smacht reachta a bhí ina bhforas leis na bearta ***i dtrácht*** a ghlacadh ann a thuilleadh, go hiomlán nó i bpáirt, ***glacfaidh*** an Coimisiún cinneadh lena ndéantar na bearta sin a chur i leataobh go hiomlán nó i bpáirt. ***Ag an am céanna, déanfaidh an Coimisiún togra a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun an cúltaca buiséadach dá dtagraítear sna bearta arna nglacadh a chur i leataobh, go hiomlán nó i bpáirt.*** Beidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar amach i míreanna 2, 4, 5, ***6, 6a agus 6b*** d'Airteagal 5. |

*Réasúnú*

*Ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann gníomhú ar a thionscnamh féin, agus ní hamháin ar iarraidh an Bhallstáit lena mbaineann. Moltar foclaíocht níos cruinne freisin.*

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 7*** | ***scriosta*** |
| ***Faisnéis a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa*** | |
| ***Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas láithreach faoi aon bheart arna mholadh nó arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 agus Airteagal 5.*** | |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 7a*** |
| | ***Tuairisciú*** |
| | ***Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, go háirithe ar éifeachtúlacht na mbeart arna nglacadh, más ann dóibh, ar a dhéanaí cúig bliana i ndiaidh dá teacht i bhfeidhm.*** |
| | ***Beidh moltaí iomchuí ag gabháil leis an tuarascáil, i gcás inar gá.*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. ***Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.*** | Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Cosaint ar bhuiséad an Aontais i gcás easnaimh ghinearálaithe i ndáil leis an smacht reachta sna Ballstáit |
| **Tagairtí** | COM(2018)0324 – C8-0178/2018 – 2018/0136(COD) |
| **Coistí freagracha**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG CONT<br>11.6.2018 11.6.2018 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AFCO<br>11.6.2018 |
| **Rapóirtéir**<br>Dáta an cheapacháin | Helmut Scholz<br>20.6.2018 |
| **Riail 55 - Nós imeachta comhchoiste**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | <br>5.7.2018 |
| **Pléite sa choiste** | 1.10.2018 12.11.2018 |
| **Dáta an ghlactha** | 21.11.2018 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 19<br>–: 2<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mercedes Bresso, Elmar Brok, Richard Corbett, Pascal Durand, Danuta Maria Hübner, Ramón Jáuregui Atondo, Jo Leinen, Morten Messerschmidt, Maite Pagazaurtundúa Ruiz, Markus Pieper, Paulo Rangel, Helmut Scholz, György Schöpflin, Pedro Silva Pereira, Barbara Spinelli, Kazimierz Michał Ujazdowski |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Enrique Guerrero Salom, Jérôme Lavrilleux, Georg Mayer, Jasenko Selimovic, Rainer Wieland |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 200(2) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pavel Svoboda |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 19 | + |
|---|---|
| ALDE | Maite Pagazaurtundúa Ruiz, Jasenko Selimovic |
| GUE/NGL | Helmut Scholz, Barbara Spinelli |
| PPE | Elmar Brok, Danuta Maria Hübner, Jérôme Lavrilleux, Markus Pieper, Paulo Rangel, György Schöpflin, Pavel Svoboda, Rainer Wieland |
| S&D | Mercedes Bresso, Richard Corbett, Enrique Guerrero Salom, Ramón Jáuregui Atondo, Jo Leinen, Pedro Silva Pereira |
| VERTS/ALE | Pascal Durand |

| 2 | - |
|---|---|
| ECR | Morten Messerschmidt |
| ENF | Georg Mayer |

| 1 | 0 |
|---|---|
| NI | Kazimierz Michał Ujazdowski |

Eochair na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh